Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ
# IARRATAS AR DHEARBHÚ DÍOLÚINE ALT 5

***SEICLIOSTA DON IARRATASÓIR*** *(Cuir tic √)*

| | |
|---|---|
| ***4 Chóip den bhFoirm Iarratais:*** | |
| ***1 Chóip de Shonraí Teagmhála:*** | |
| ***4 Chóip de Léarscáileanna S.O. 6":*** | |
| ***4 Chóip de Léarscáileanna S.O. 25":*** | |
| ***4 Chóip de Phlean Leagan Amach an Láithreáin:*** | |
| ***4 Chóip de Líníochtaí Scálaithe na Forbartha:*** | |
| ***Táille Iarratais €80:*** | |

## D'ÚSÁID NA HOIFIGE AMHÁIN

| | |
|---|---|
| **Uimh. Admhála** | |
| **Airgead Tirim/Seic/Cárta Creidmheasa** | |
| **Dáta** | |
| **Uimh. Thag. an Dearbhaithe** | |

**STAMPA DÁTA ANSEO**

**Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil tú sásta go bhfuil aon fhaisnéis/doiciméid a chuireann tú isteach oiriúnach lena bhreathnú ag an bpobal. Ná cuir isteach aon eolas nach dteastaíonn uait go mbreathnódh 3ú páirtí air.**

I gcás Dearbhú Díolúine le haghaidh Míntíriú Talún, tá an fhaisnéis bhreise seo a leanas ag teastáil:

- Cóip de na sonraí a cuireadh faoi bhráid Roinn Comhshaoil na Comhairle (Inis Cara) le haghaidh Ceadúnais Dramhaíola
- Comhfhreagras ó Teagasc (ag tabhairt mionsonraí faoin gcaoi a rachadh an míntíriú talún chun tairbhe don talamh atá i gceist chun críocha talmhaíochta)
- Sonraí na leibhéal atá ann cheana agus na leibhéal atá beartaithe
- Sonraí an ábhair líonta agus fad an líonta.

## COSAINT SONRAÍ

Is próiseas oscailte poiblí é an próiseas pleanála. Sa chomhthéacs sin, cuirtear gach iarratas ar Dhearbhuithe Díolúine ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal.

***Bailíonn Comhairle Contae Chorcaí faisnéis phearsanta ionas gur féidir linn d'iarratas ar Dhearbhú Díolúine Alt 5 a phróiseáil. Is féidir linn an fhaisnéis seo a phróiseáil ó thaobh dlí de mar go bhfuil sé riachtanach dúinn ár n-oibleagáidí reachtúla/dlíthiúla a chomhlíonadh. Is príomhthosaíocht don Chomhairle é ár sonraí pearsanta a chosaint agus próiseálfar do chuid sonraí de réir ár mbeartais Phríobháideachais atá ar fáil ag http://www.corkcoco.ie/Privacy-Policy nó mar chruachóip ónár n-oifigí i Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, Éire. Má tá aon cheist agat faoinár bpolasaí príobháideachais nó faoin bhfaisnéis atá againn fút, déan teagmháil linn trí ríomhphost chuig dpo@corkcoco.ie nó scríobh chugainn ag Oifigeach Cosanta Sonraí, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, Éire.***

## 1. AINM AN IARRATASÓRA: (SEOLADH LE TABHAIRT AG CEIST A – SONRAÍ TEAGMHÁLA)

## 2. SEOLADH POIST NA TALÚN NÓ AN DÉANMHAIS A BHFUIL DEARBHÚ DÍOLÚINE Á LORG INA LEITH:

## 3. SONRAÍ CEISTE/DEARBHAITHE:

Luaigh an cheist ar leith a bhfuil Dearbhú Díolúine á lorg ina leith
Nóta: Ní dhéanfar ach oibreacha a liostaítear agus a ndéantar cur síos orthu faoin alt seo a mheas faoi Dhearbhú Díolúine Alt 5

## 4. SONRAÍ IARRATAIS:

**Freagair an méid seo a leanas más infheidhme. Nóta: Tomhaistear achar urláir ó thaobh istigh na mballaí seachtrach agus ba chóir iad a léiriú i méadair chearnacha ($m^2$)**

| | |
|---|---|
| (a) Achar urláir an déanmhais/na ndéanmhas atá ann cheana/atá beartaithe: | |
| (b) Má bheartaítear síneadh a chur le teach teaghlaigh, ar tógadh aon síntí/déanmhais roimhe seo ag an suíomh seo tar éis an 1ú Deireadh Fómhair, 1964 (lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cead pleanála faighte ina leith): | Tógadh ☐ Níor tógadh ☐<br>Más Tógadh a d'fhreagair tú, tabhair achar urláir ($m^2$) agus tagairt(eanna) p(h)leanála roimhe seo má bhaineann: |
| (c) Má tá athrú ar úsáid talún agus/nó foirgneamh/foirgnimh beartaithe, luaigh an méid seo a leanas le do thoil:<br>Úsáid atá ann cheana/úsáid roimhe seo<br>____________________<br>____________________ | Úsáid bheartaithe<br>____________________<br>____________________ |
| (d) An bhfuil tú ar an eolas faoi aon imeachtaí forfheidhmithe a bhaineann leis an láithreán seo? | Tá ☐ Níl ☐<br>Más tá, a d'fheagair tú, luaigh an uimhir thagartha/na huimhreacha tagartha ábhartha le do thoil: |

## 5. LEAS DLÍTHIÚIL AN IARRATASÓRA SA TALAMH/DÉANMHAS:

| | | |
|---|---|---|
| Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil chun leas dlíthiúil an iarratasóra sa talamh nó sa déanmhas a léiriú: | **A. Úinéir** ☐ | **B. Eile** ☐ |
| Sa chás gurb ionann leas dlíthiúil agus **"Eile"**, luaigh do leas sa talamh/déanmhas le do thoil: | | |
| **Mura tusa an t-úinéir dlíthiúil**, luaigh ainm an úinéara/na n-úinéirí (seoladh le tabhairt ag Ceist C i Sonraí Teagmhála): | | |

## 6. SONRAÍ AN DÉANMHAIS CHOSANTA/ LIMISTÉAR CAOMHANTAIS AILTIREACHTA:

| |
|---|
| An Déanmhas Cosanta/Déanmhas Cosanta Beartaithe é seo nó laistigh de chúirtealáiste Déanmhais Chosanta: Tá ☐ Níl ☐ |
| Más é, ar iarradh Dearbhú faoi Alt 57 den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000 nó ar eisigh an tÚdarás Pleanála é don réadmhaoin: Iarradh/D'eisigh ☐ Níor iarradh/eisigh ☐<br>Más Iarradh/D'eisigh, a d'fheagair tú, luaigh an Uimhir thagartha ábhartha.______________<br>An bhfuil an láithreán seo suite laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA), mar atá ainmnithe sa Phlean Forbartha Contae? Tá ☐ Níl ☐ |

## 7. MEASÚNÚ CUÍ:

**An mbeadh measúnú cuí ag teastáil ón bhforbairt atá beartaithe toisc gur dócha go mbeadh tionchar suntasach aici ar shláine láithreáin Eorpaigh (SAC, SPA srl)?**

Bheadh ☐ Ní bheadh ☐

**8. DEARBHÚ COSANTA SONRAÍ:**

Ionas gur féidir leis an Údarás Pleanála na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil a phróiseáil, teastaíonn do thoiliú. Trí tic a chur sa bhosca thíos, toilíonn tú go ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú a phróiseáil de réir théarmaí Pholasaí Príobháideachais Chomhairle Contae Chorcaí atá ar fáil ag http://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council nó már chruachóip ó aon oifig de chuid na Comhairle; agus go ndéanfar do chuid faisnéise a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

***Próiseáil do Dhearbhú Díolúine ag an Údarás Pleanála***

☐ *Tugaim cead mo chuid faisnéise pearsanta a phróiseáil chun na críche atá luaite thuas*

| | |
|---|---|
| *Síniú*<br>*(An Iarratasóra amháin)* | |
| *Dáta* | |

## RGCS Catagóirí Speisialta sonraí /Sonraí Íogaire Pearsanta - Toiliú Sainráite

I gcás ina gcuirtear Catagóirí Speisialta sonraí pearsanta/sonraí pearsanta íogaire ar fáil mar chuid d'iarratas ar dhearbhú/mar thacaíocht d'iarratas ar dhearbhú, ní mór don duine dá dtagraíonn na sonraí, eadhon an t-ábhar sonraí, **toiliú sainráite** a thabhairt chun na catagóirí speisialta sonraí a phróiseáil.

I measc na gcatagóirí speisialta sonraí /sonraí pearsanta íogaire tá:

- Cine
- Bunús eitneach
- Tuairimí polaitiúla
- Creideamh
- Creidimh fhealsúnachta
- Ballraíocht ceardchumainn
- Sonraí géiniteacha
- Sonraí bithmhéadracha
- Sonraí sláinte
- Maidir le saol gnéis duine nádúrtha
- Claonadh gnéis

Ionas gur féidir leis an Údarás Pleanála na sonraí pearsanta íogaire a chuir tú ar fáil a phróiseáil, teastaíonn do thoiliú. Trí tic a chur sa bhosca thíos, toilíonn tú go ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála na sonraí pearsanta a thugann tú a phróiseáil de réir théarmaí Pholasaí Príobháideachais Chomhairle Contae Chorcaí atá ar fáil ag http://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council nó mar chruachóip ó aon oifig de chuid na Comhairle; agus go ndéanfar do chuid faisnéise a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

**Sonraí pearsanta íogaire á gcur isteach chun tacú le hIarratas ar Dhearbhú Díolúine**

☐ *Tugaim cead mo shonraí pearsanta íogaire a chuirtear faoi bhráid an Údaráis Phleanála a phróiseáil chun na críche atá luaite thuas.*

| | |
|---|---|
| *Síniú* | |
| Dáta | |

Tá sé de cheart agat do thoiliú a tharraingt siar ach teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Pleanála, Urlár na Talún, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh. Teil: (021) 4276891 Ríomhphost: planninginfo@corkcoco.ie nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Pleanála, Teach Norton, Bóthar Chorcaí, An Sciobairín, Co. Chorcaí. Teil: (028) 40340 Ríomhphost: westcorkplanninginfo@corkcoco.ie

Má tharraingítear siar toiliú le húsáid sonraí pearsanta le linn an phróisis cinnteoireachta don dearbhú díolúine, áfach, ní féidir an fhaisnéis seo a mheas mar chuid den phróiseas cinnteoireachta. A luaithe a dhéantar cinneadh, níl iarratasóir i dteideal toiliú

a tharraingt siar toisc nach bhfuil feidhm ag an gceart scriosta maidir le cás ina bhfuil gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh nó chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail.

**Tabhair do d'aire, le do thoil, go mbeidh an fhaisnéis / na doiciméid tacaíochta go léir a chuirtear isteach ar fáil go poiblí le breathnú in oifigí an Údaráis Phleanála.**

## NÓTAÍ COMHAIRLEACHA:

Ní mór an táille riachtanach €80 a bheith ag gabháil leis an iarratas.
Ní mór léarscáil de shuíomh an láithreáin atá bunaithe ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis don cheantar a bheith in éineacht leis an iarratas dar scála nach lú ná 1:1000 agus ar a sainaithnítear go soiléir an láithreán atá i gceist.
Ba chóir dóthain faisnéise a chur isteach chun a chur ar chumas an Údaráis Phleanála cinneadh a dhéanamh. Más infheidhme, ba cheart aon phleananna a chuirtear isteach a bheith de réir scála agus bunaithe ar shuirbhé cruinn ar na tailte/struchtúr atá i gceist.
Ba chóir an t-iarratas a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:
An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chorcaí, Urlár 2, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, T12 R2NC; nó i gcás iarratas a bhaineann le Rannán an Iarthair, An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chorcaí, Teach Norton, Bóthar Chorcaí, An Sciobairín, Co. Chorcaí, P81 AT28.

- D'fhéadfadh an tÚdarás Pleanála a cheangal ort tuilleadh faisnéise a chur isteach chun a chur ar chumas an údaráis cinneadh a eisiúint maidir leis an iarratas ar Dhearbhú Díolúine.
- D'fhéadfadh an tÚdarás Pleanála iarraidh ar dhuine/daoine eile, seachas an t-iarratasóir, faisnéis a chur isteach maidir leis an gceist a tháinig chun cinn agus ar a bhfuil an Dearbhú Díolúine á lorg.
- Féadfaidh aon duine ar eisíodh Dearbhú Díolúine dó nó di, ar íocaíocht a dhéanamh leis an mBord Pleanála, Dearbhú Díolúine a chur ar aghaidh lena athbhreithniú ag an mBord laistigh de 4 seachtaine ón dáta ar eisíodh an cinneadh ar Dhearbhú Díolúine.
- Sa chás nach n-eisíonn an tÚdarás Pleanála aon Dearbhú Díolúine, féadfaidh aon duine a rinne iarratas, ar cibé táille a bheidh forordaithe a íoc leis an mBord, an cheist a chur ar aghaidh chuig an mBord lena cinneadh laistigh de 4 seachtaine ón dáta a raibh Dearbhú Díolúine le heisiúint ag an Údarás Pleanála.

*Is doiciméid neamhreachtúla iad an fhoirm iarratais agus na nótaí comhairleacha a ullmhaíonn Comhairle Contae Chorcaí chun críche an cineál faisnéise a chomhairliú a theastaíonn de ghnáth chun a chur ar chumas an Údaráis Phleanála Dearbhú Díolúine a eisiúint faoi Alt 5. Ní airbheartaíonn an doiciméad seo a bheith ina léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht reachtúil ná ní shonraíonn sé gur ceanglas dlíthiúil é faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú, nó faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001,(arna leasú).*

**9. Dearbhaím leis seo, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm seo ceart, cruinn agus go gcloíonn sí go hiomlán leis na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú agus leis na Rialacháin arna ndéanamh fúthu:**

| | |
|---|---|
| *Síniú (Iarratasóir nó Gníomhaire de réir mar is cuí)* | |
| Dáta | |

**FAISNÉIS TEAGMHÁLA BHREISE LE CUR ISTEACH LEIS AN IARRATAS**

- **<u>Ní mór</u>** seoladh (seoltaí) an iarratasóra/na n-iarratasóirí a chur isteach ar an leathanach seo.
- **<u>Ní gá ach cóip amháin den chuid seo den bhfoirm iarratais a chur isteach</u>**

**(A) Iarratasóir: (Ó Cheist 1 den bhFoirm Iarratais)**

| | |
|---|---|
| **Seoladh (Riachtanach):** | |
| **Uimh. Theileafóin/Uimh. Fóin Phóca/(más ann di):** | |
| **Seoladh Ríomhphoist (más ann dó):** | |

**(B) Duine/Gníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an Iarratasóra (más ann dó/di):**

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | |
| **Seoladh:** | |
| **Uimh. Theileafóin/Uimh. Fóin Phóca/(más ann di):** | |
| **Seoladh Ríomhphoist (más ann dó):** | |
| **Ar chóir gach comhfhreagras a sheoladh chuig an seoladh thuas? Cuir tic √ sa bosca cuí**<br>Ba chóir ☐ Níor chóir ☐<br>**(Tabhair do d'aire le do thoil, más é 'Níor chóir' an freagra, go seolfar gach comhfhreagras chuig seoladh an Iarratasóra)** | |

**(C) Úinéir(í) (riachtanach i gcás nach é an t-iarratasóir an t-úinéir):**

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | |
| **Seoladh:** | |
| **Uimh. Theileafóin/Uimh. Fóin Phóca/(más ann di):** | |
| **Seoladh Ríomhphoist (más ann dó):** | |

**Tugtar faisnéis teagmhála bhreise cosúil le seoltaí ríomhphoist nó uimhreacha teileafóin ar bhonn deonach agus ní úsáidfidh an tÚdarás Pleanála í ach chun teagmháil a dhéanamh leat má mheastar gur gá sin chun an t-iarratas a riar. Ní chuirfear na sonraí seo ar fáil d'aon tríú páirtí seachas An Bord Pleanála chun an t-achomharc a riar.**

**<u>Ba chóir foirmeacha iarratais agus iad comhlánaithe go hiomlán, a chur isteach chuig an oifig phleanála lena mbaineann.</u>**

_Oifig Halla an Chontae_

_An Rannóg Pleanála TEIL: (021) 4276891_
_Halla an Chontae,_
_Bóthar Charraig Ruacháin,_
_Chorcaigh, T12 R2NC_

_Oifig Pleanála Iarthar Chorcaí_

_Teach Norton, TEIL: (028) 40340_
_Bóthar Chorcaí,_
_An Sciobairín,_
_Co.Chorcaí, P81 AT28_

***SEOLADH GRÉASÁIN: www.corkcoco.ie***